

Preaseisiúint FRA
Vín, 6 Aibreán 2018

Is ionann an saol atá ag a lán Romach san AE agus an saol atá ag daoine sna tíortha is boichte sa domhan

Drochshláintíocht, ocras, óg-dhífhostaíocht - tá na dúshláin bhunúsacha seo roimh Romaigh ina saol laethúil, de réir na tuarascála is déanaí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Leagtar béim sa tuarascáil ar na neamhionannais leanúnacha atá á bhfulaingt ag na Romaigh san Eoraip leis na blianta i mórán tíortha i gceann de na réigiúin is saibhre sa domhan.

"Cuirtear leis an timthriall fíochmhar d'eisiamh na Romach mar gheall ar leithcheal i gcoinne daoine den lucht siúil, lena n-áirítear idirdhealú agus coireacht fuatha. Fágtar iad ina ndaoine aonaracha agus caitear leo ar bhealach steiréitipiciúil atá dofhulaingthe," a deir Stiúrthóir FRA [Michael O'Flaherty](#). "Ní mór dúinn an timthriall fíochmhar seo a bhriseadh. Mar sin, ba chóir tosú leis an rud follasach - a áirithiú go bhfuil na deiseanna céanna ag gach Romach is atá ag saoránaigh eile AE!"

Léirítear sa tuarascáil ['A persisting concern: anti-Gypsyism as a barrier to Roma inclusion'](#) loiceadh leanúnach na mBallstát maidir leis an gcuid is mó dá gcuid spriocanna comhtháthaithe, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh go dtí seo. Is príomhghné é seo de [Chreat Náisiúnta Straitéisí Comhtháthaithe Romach 2011 de chuid an Aontais Eorpaigh](#). I measc na réimsí a bhfuil ábhair imní ag baint leo ná iad seo a leanas:

- Tá ardleibhéil **leithcheala i gcoinne daoine den lucht siúil** ann fós agus déantar ciapadh ar dhuine amháin as triúr Romach. Ní mór do na Ballstáit leithcheal i gcoinne daoine den lucht siúil a aithint agus monatóireacht a dhéanamh air, agus bearta éifeachtacha a ghlacadh le dul i ngleic le coireacht fuatha agus le fuathchaint den chineál sin.
- Níor tháinig mórán athraithe ar **dhálaí maireachtála** na Romach san AE idir 2011 agus 2016: Tá 80% de na Romaigh i mbaol na bochtaineachta, i gcomparáid le meán de 17% san AE. Tá 30% acu ina gcónaí i dtithe nach bhfuil uisce buacaire acu. Is ionann go minic an rochtain ar uisce sábháilte atá acu is atá ag daoine i nGána nó i Neipeal. Baineann coinníollacha den sórt sin an bonn de dhul chun cinn san oideachas, sa tsláinte nó san fhostaíocht. Mar gheall air seo, tá iarrachtaí níos mó ag teastáil i ndáil le bochtaineacht a laghdú, lena n-áirítear deireadh a chur le tithíocht leithscartha, rochtain níos fearr a thabhairt ar fhóntais phoiblí amhail leictreachas agus uisce, chomh maith le níos mó tithíochta sóisialta a chur ar fáil.
- Tháinig feabhas ar **Oideachas** i roinnt Ballstát, ach tá bearnaí ann fós. Freastalaíonn os cionn 50% de leanaí óga na Romach ar oideachas luath-óige. Is minic a bhíonn an céatadán sin i bhfad níos lú ná leanaí den aois chéanna nach Romaigh iad. Maidir leis na rátaí oideachais réamhscoile, tá Romaigh san AE ar rátaí comhchosúla le daoine i bPórtó Ríce. Ba chóir do Bhallstáit rochtain a chur ar fáil ar oideachas ardchaighdeán, ar thacaíocht fhoghlama chun cúiteamh a dhéanamh ar na drochdhálaí maireachtála atá ag go leor daltaí Romach, agus ar thacaíocht spriocdhírthe ag gach céim dá gcuid oideachais.
- **Óg-dhífhostaíocht:** Tá an sciar de na Romaigh óga d'aois 16-24, go háirithe na mná nach bhfuil fostaithe, nach bhfuil in oideachas nó nach bhfuil faoi oiliúint, ard fós i

gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne. Ní mór do Bhallstáit fostaíocht a neartú, go háirithe do na Romaigh óga, mar shampla trí oiliúint sa phost, trí chúrsaí oiliúna agus trí phrintíseachtaí a chur ar fáil. Ba chóir go mbeadh rochtain spriocdhírthe ag na Romaigh freisin chun cabhrú leo a ngnóthais féin a chur ar bun.

Cuirfidh an tuarascáil seo leis an díospóireacht maidir le cuimsiú na Romach AE sa todhchaí agus an creat reatha AE ag teacht chun deiridh i 2020. Déantar inti measúnú ar thionchar na mbeart atá ann cheana leis na blianta. Sa tuarascáil, cuirtear bochtaineacht na Romach ina comhthéacs i gcoinne tíortha eile ar fud an domhain. Beidh sé sin ina chabhrú leis an AE agus lena Bhallstáit chun a dtiomantas i ndáil le Spriocanna Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a thomhas.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le: media@fra.europa.eu
/ Teil.: +43 1 580 30 642